**Cúntóir Eagarthóireachta Taighde**
Post ar conradh – suas le 24 mhí ó 1 Eanáir 2017

Tá taighdeoir ar conradh á earcú ag Fiontar agus Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), duchas.ie agus gaois.ie. Beidh an cúntóir eagarthóireachta taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile.

**Riachtanais:**
Bunchéim onóracha sa Ghaeilge agus cáilíocht iarchéime i réimse ábhartha mar aon le taithí chuí ghairmiúil i réimse na Gaeilge scríofa i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde. Ní mór d'iarratasóirí bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích agus a léiriú go bhfuil siad in ann obair shlachtmhar a dhéanamh agus spriocanna a chomhlíonadh.

Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas maith ar *An Caighdeán Oifigiúil* riachtanach don cheapachán seo. D'fhéadfadh tástáil scríofa sa Ghaeilge a bheith mar chuid den phróiseas earcaíochta.

**Tuarastal ar an scála*:**
€26,742–€27,545–€28,371–€29,222–€30,076–€30,955
* Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Tá fáilte roimh iarratasóirí teagmháil le Fiontar agus Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé: An Dr Gearóid Ó Cleircín (01-700 5789); gearoid.ocleircin@dcu.ie

**Spriocdháta iarratais: 12.00 meán lae, Dé Luain 17 Deireadh Fómhair**

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó:
Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie

**Luaigh go soiléir le do thoil i d'iarratas agus i dteideal do ríomhphoist an ról go bhfuil tú ag cur isteach air: Job Ref# 405: Cúntóir Eagarthóireachta Taighde**

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.